Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11448/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0196(COD)**

**AGRI 378**
**PESTICIDE 34**
**SEMENCES 27**
**AGRILEG 121**
**ENV 803**
**PHYTOSAN 39**
**CODEC 1273**
**IA 187**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí – staidéar lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair<br>*- Faisnéis ón gCoimisiún*<br>*-Malartú tuairimí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, a ndéileálfar leis ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 25 Iúil 2023.

**IARSCRÍBHINN I**

**Togra le haghaidh Rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí: Freagairt an Choimisiúin ar Chinneadh (AE) 2022/2572 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 - Nóta cúlra ón Uachtaránacht -**

CÚLRA

An 22 Meitheamh 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115[1].

Is é is aidhm don togra rialachán a chur in ionad na treorach reatha (Treoir 2009/128/CE) chun beartais náisiúnta maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí a chomhchuibhiú agus chun rannchuidiú le gnóthú cuspóirí thionscnaimh shuaitheanta ábhartha an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip (an Straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc') agus an Straitéis Bhithéagsúlachta.

An 13 Iúil 2022, chuir an Coimisiún an togra mar aon leis an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um Plandaí agus Ceisteanna Sláinte Plandaí (dá ngairfear 'an Mheitheal' anseo feasta) agus cuireadh i láthair ag Comhairle AGRIFISH ansin é an 18 Iúil 2022. Leanadh den scrúdú agus den phlé mionsonraithe ar an togra le linn Uachtaránacht na Seice, ag roinnt cruinnithe den Mheitheal, inar díríodh go príomha ar chaibidlí I, II, III agus IV den togra. Eagraíodh roinnt cruinnithe déthaobhacha agus cruinnithe teicniúla freisin.

[1] 10654/22 + ADD 1 go 6

Tá an measúnú tionchair ar cheann de phríomhghnéithe an togra atá ina chúis imní ó cuireadh tús leis an bplé sa Chomhairle. Ag cruinniú Chomhairle AGRIFISH mhí Mheán Fómhair 2022, chuir roinnt airí talmhaíochta a n-imní in iúl faoin measúnú tionchair agus chuir siad i bhfios go láidir nár cuireadh san áireamh mar is ceart tionchair an togra maidir le slándáil bia san Aontas Eorpach agus iomaíochas earnáil talmhaíochta an Aontais, go háirithe ós rud é go ndearnadh é roimh thús an chogaidh san Úcráin agus na géarchéimeanna maidir le fuinneamh agus praghsanna bia. Chuir roinnt airí in iúl, go háirithe, nár cuireadh anailís chainníochtúil leordhóthanach ar fáil sa mheasúnú tionchair ar an spleáchas a d'fhéadfadh a bheith ag an Aontas Eorpach ar allmhairí bia, ná ar an toirmeasc ar tháirgí cosanta plandaí i limistéir íogaire, go háirithe i bhfianaise fáil theoranta a bheith ar roghanna malartacha ísealriosca agus an easpa clásail chomhuaineacha maidir le bia allmhairithe.

An 15 Samhain 2022, thíolaic seirbhísí an Choimisiúin páipéar leathoifigiúil maidir le sainmhíniú agus raon feidhme 'limistéar íogaire', lena n-imítear ó thoirmeasc iomlán i dtreo srian a chur ar úsáid táirgí cosanta plandaí i réimsí sonracha áirithe, agus lena dtugtar isteach sraith de ghnéithe solúbthachta.

An 19 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/2572 inar iarradh ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh lena gcomhlánófaí an measúnú tionchair ar an togra agus gníomhaíochtaí leantacha a mholadh, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir.

Mheas an Chomhairle go raibh gá le staidéar lena gcomhlánófaí an measúnú tionchair atá ann cheana agus lena gcuirfí faisnéis bhreise ar fáil, ach, idir an dá linn, gur cheart leanúint den obair ar ghnéithe teicniúla éagsúla an togra gan moill mhíchuí.

Le linn Uachtaránacht na Sualainne, bhí an plé teoranta do na caibidlí sin nach ndéanann an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle difear dóibh. I mí an Mheithimh, thíolaic Uachtaránacht na Sualainne tuarascáil ar dhul chun cinn[2], inar léiríodh torthaí na hoibre agus an staid mar atá tar éis na chéad sé mhí den bhliain.

[2] 9803/23

FREAGAIRT ÓN gCOIMISIÚN AR CHINNEADH (AE) 2022/2572 ÓN gCOMHAIRLE

I mí an Mhárta 2023, chuir an Coimisiún litir chuig Uachtaránacht na Sualainne ina dtugtar freagra ar an iarraidh ón gComhairle trí bhíthin an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle. Dúradh sa litir 'go mbeidh an Coimisiún, de mheon an chomhair dhílis agus ar bhonn eisceachtúil, ag cur ionchur breise ar fáil, mar a d'iarr an Chomhairle, ar bhonn na fianaise agus na sonraí atá ar fáil a luaithe a bheidh sé ar fáil in earrach 2023' (aistriúchán neamhoifigiúil).

Chuir an Coimisiún an fhreagairt thuasluaite faoi bhráid na Comhairle an 5 Iúil 2023[3]. Cuirtear an achoimre feidhmiúcháin a thugtar i bhfreagairt an Choimisiúin i láthair san iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo. Mar ullmhúchán don mhalartú tuairimí maidir leis an mír seo ag cruinniú Chomhairle AGRIFISH an 25 Iúil 2023, tá na ceisteanna seo a leanas á moladh ag an Uachtaránacht chun díospóireacht na n-airí a threorú:

- Ceist 1:

Sainaithníonn formhór na dtoscaireachtaí gurb iad na spriocanna maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí agus an riosca a bhaineann leo a laghdú ar an leibhéal náisiúnta, mar aon leis an toirmeasc ar tháirgí cosanta plandaí a úsáid i limistéir íogaire, mar a thugtar orthu, na gnéithe is deacra.

Tar éis don Choimisiún Eorpach a staidéar lena gcomhlánófaí an measúnú tionchair a thíolacadh agus aird á tabhairt ar an bpáipéar leathoifigiúil a thíolaic an Coimisiún (15 Samhain 2022) maidir le limistéir íogaire, cén chaoi ar cheart aghaidh a thabhairt ar an dá shaincheist sin ar an leibhéal teicniúil sa phlé a bheidh againn amach anseo?

- Ceist 2:

Cé na gnéithe tábhachtacha eile den togra, más ann dóibh, a measann tú a bheith ríthábhachtach aghaidh a thabhairt orthu mar ullmhúchán don phlé a bheidh againn amach anseo maidir leis an togra?

---

[3] 11644/23+ WK 9761/2023

**Achoimre Feidhmiúcháin**

Le Cinneadh (AE) 2022/2572 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022[1] iarradh ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh don Chomhairle lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115, agus gníomhaíochtaí leantacha a mholadh, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir. Glacadh an togra sin le haghaidh rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí[2] ('togra RUI') an 22 Meitheamh 2022 mar chuid de phacáiste beart chun lorg comhshaoil agus sláinte chóras bia an Aontais a laghdú agus chun cuidiú leis na caillteanais eacnamaíocha a tharla cheana féin mar gheall ar an athrú aeráide agus ar chaillteanas bithéagsúlachta a mhaolú.

Ní bhíonn na sonraí gráinneacha agus na sonraí a bhaineann go sonrach le Ballstát ag an gCoimisiún, agus go háirithe maidir le húsáid lotnaidicídí, a bhíonn ag na Ballstáit i gcónaí, rud a chuireann teorainn leis an gcumas anailís a bhaineann go sonrach leis na Ballstáit agus le barra a sholáthar. Le Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], soláthrófar staitisticí luachmhara amach anseo maidir le húsáid lotnaidicídí chun go bhféadfar faireachán níos beaichte a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo tuilleadh spriocanna laghdaithe lotnaidicídí.

---

1 Cinneadh (AE) 2022/2572 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena n iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh don Chomhairle lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 agus gníomhaíochtaí leantacha a mholadh, más iomchuí i bhfianaise thorthaí an staidéir (*IO L 331, 27.12.2022, lch. 6*).

2 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 (2022/0196 (COD)).

3 Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle (*IO L 315, 7.12.2022, lch. 1*).

Mar fhreagra air sin, soláthraítear faisnéis sa staidéar sin faoi na gnéithe sonracha atá liostaithe sa Chinneadh ón gComhairle. Áirítear leo sin: (i) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag togra RUI ar tháirgeadh bia san Aontas agus ar phraghsanna bia agus beatha; (ii) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le infhaighteacht bia agus beatha san Aontas; (iii) na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag ualach riaracháin méadaithe ar iomaíochas agus ar bhrabúsacht feirmeacha beaga agus meánmhéide; (iv) an infhaighteacht roghanna malartacha ar tháirgí cosanta plandaí agus an riosca méadaithe a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le horgánaigh dhíobhálacha a thabhairt isteach agus a scaipeadh san Aontas; (v) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag toirmeasc ar úsáid táirgí cosanta plandaí i limistéir íogaire, go háirithe i limistéir a úsáideann an pobal i gcoitinne agus i lonnaíochtaí daonna; agus (vi) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an srian atá beartaithe le húsáid táirgí cosanta plandaí ar sheastáin foraoise agus ar bhithéagsúlacht atá spleách ar fhoraoisí[4]. Deimhnítear leis conclúid na meastóireachta agus an mheasúnaithe tionchair go bhfuil gá ann hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí[5] chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beartais tábhachtacha amhail droch chur chun feidhme agus cur chun feidhme difriúil ó Bhallstát go Ballstát, an easpa spriocanna náisiúnta agus an gá atá le limistéir íogaire a chosaint. Tacaíonn sé freisin leis na bearta a leagtar amach i dtogra RUI. Athdhearbhaítear leis freisin cuspóirí thogra RUI agus na spriocanna laghdaithe lotnaidicídí RUI, agus é curtha san áireamh gurb amhlaidh, ó glacadh togra RUI, a ghlac an tAontas agus na Ballstáit uile Creat Domhanda Bithéagsúlachta ag an gCúigiú Cruinniú Déag de na Páirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (COP15) agus gur chláraigh siad le sprioc atá ceangailteach ar fud an domhain maidir leis 'an riosca foriomlán ó lotnaidicídí agus ó cheimiceáin an ghuaiseach a laghdú faoina leath ar a laghad, lena n áirítear trí bhainistiú comhtháite lotnaidí (IPM), bunaithe ar an eolaíocht, agus slándáil bhia agus slite beatha á gcur san áireamh' faoi 2030. Tá an sprioc dhomhanda sin ag teacht go hiomlán le spriocanna laghdaithe lotnaidicídí RUI atá leagtha amach faoi thogra RUI.

---

[4] Le linn an staidéir seo, úsáidtear an téarma 'lotnaidicídí' go ginearálta chun tagairt a dhéanamh do tháirgí cosanta plandaí.

[5] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

Braithfidh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag togra RUI ar **infhaighteacht bia agus beatha** san Aontas, agus braithfidh an fhéidearthacht go mbeadh spleáchas méadaithe ann ar allmhairí chomh maith le laghduithe ar onnmhairí, ar an tionchar féideartha ar tháirgeacht barr. Ní mór féachaint air sin ó dhá thaobh – d'fhéadfadh laghduithe táirgeachta a bheith ina dtoradh ar laghdú neamhbhainistithe nó drochbhainistithe ar úsáid lotnaidicídí, ach ní bheidh éifeachtaí diúltacha den sórt sin ag aistriú dea bhainistithe. Ag an am céanna, is léir freisin, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, go laghdófar táirgeacht barr le heaspa pailneoirí freisin. Go deimhin, tá an treocht sin le feiceáil cheana féin inniu. Ba cheart a thabhairt faoi deara bhfuil spriocanna laghdaithe lotnaidicídí RUI l bheith bainte amach faoi 2030, agus ciallaíonn an tréimhse ama sin, chomh maith leis an am le haghaidh theacht i bhfeidhm beart éagsúil atá beartaithe, go bhfuil aistriú bainistithe i gceist leis an am chun roghanna eile a thabhairt isteach agus athruithe a dhéanamh de réir a chéile. San fhaisnéis a sholáthraítear i g**Caibidil 1 (saincheisteanna eacnamaíocha)** den staidéar seo cuirtear i dtábhacht roinnt staidéar lena soláthraítear sonraí cainníochtúla cheana féin maidir leis an tionchar féideartha ar tháirgeacht talmhaíochta ar na príomhchineálacha barr san Aontas dá ndéanfaí laghdú 50 % ar úsáid agus ar riosca lotnaidicídí. Mar gheall ar an easpa sonraí eimpíreacha maidir le húsáid lotnaidicídí, baineadh úsáid sa staidéar tionchair foilsithe as toimhdí leathana maidir le laghdú táirgeachta nó baineadh úsáid as meastacháin bharrshonracha agus réigiúnsonracha maidir le laghdú táirgeachta bunaithe ar thuairimí saineolaithe. Measadh go dtarlódh na tionchair tháirgeachta is mó sna staidéir sin i mbarra a bhfuil ábharthacht theoranta acu maidir le slándáil bia agus beatha, amhail fíonchaora, leannlusanna agus trátaí. Ba cheart breathnú ar na meastacháin sin ar thionchair fhéideartha táirgeachta mar uasteorainn mar gheall ar roinnt tosca nach meastar sna staidéir sin (tugtar míniú mion air sin níos déanaí sa staidéar seo). Féadfar laghdú suntasach a bhaint amach freisin ar úsáid agus ar riosca lotnaidicídí in earnálacha nach mbaineann le bia agus in earnálacha nach mbaineann le beatha, agus ar an dóigh sin cuidítear le spriocanna laghdaithe lotnaidicídí RUI gan aon tionchar a imirt ar shlándáil bia, ar tháirgeadh bia, ar infhaighteacht ná ar phraghsanna. Leis na difríochtaí atá ann cheana maidir leis na húsáidí éagsúla a bhaineann feirmeacha comhchosúla as lotnaidicídí faoi láthair, tugtar le fios freisin gur féidir an úsáid a laghdú gan iarmhairtí suntasacha ar tháirgeacht barr a bheith ann.

Príomhghné de thogra RUI is ea go gcuireann sé ar chumas na mBallstát cinneadh a dhéanamh, ina bpleananna gníomhaíochta náisiúnta, conas na spriocanna náisiúnta laghdaithe lotnaidicídí a chur i bhfeidhm, agus é á chur san áireamh acu go bhfuil gá atá le táirgeadh barr ar leith a chosaint, i réigiúin ar leith nó trí chleachtais ar leith. Dá bhrí sin, is féidir leo tionchar na mbeart a theorannú, agus iad a dháileadh ar limistéir nach bhfuil chomh criticiúil sin. Tá dul chun cinn an suntasach déanta cheana féin maidir le spriocanna laghdaithe lotnaidicídí 'ón bhFeirm go dtí an Forc' a bhaint amach trí lotnaidicídí ísealriosca a chur in ionad lotnaidicídí a mbaineann riosca níos airde leo gan aon tionchar a bheith aige sin ar tháirgeacht barr. Le réimse leathan straitéisí malartacha agranamaíocha agus teicneolaíocha is féidir úsáid agus riosca lotnaidicídí a laghdú agus an táirgeacht barr á coinneáil ar an leibhéal céanna. Mar gheall ar go leor teicneolaíochtaí beachtais talmhaíochta is féidir lotnaidicídí a úsáid ar bhealach spriocdhírithe agus rialaithe nó is féidir roghanna eile seachas lotnaidicídí a sholáthar. Tacaíonn togra RUI agus raon beart atá gaolmhar leis, lena n áirítear trí úsáid a bhaint as maoiniú ón gComhbheartas Talmhaíochta (CBT).

Déantar comparáid i g**Caibidil 2 (ualach riaracháin)** idir an t ualach riaracháin breise le haghaidh feirmeacha beaga agus meánmhéide maidir le togra RUI i gcomparáid leis an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí atá ann cheana, a ríomhtar mar 10 n uair an chloig in aghaidh na bliana in aghaidh na feirme. Ag brath ar an taraif in aghaidh na huaire a úsáidtear, d'fhéadfadh sé sin a bheith comhionann le costas EUR 161 210 in aghaidh na bliana in aghaidh na feirme, lena n-áirítear costais saothair neamhphá agus 25 % caighdeánach maidir le forchostais. Féadfar é sin a chur i gcomparáid leis an ualach riaracháin ar fheirmeoirí i réimsí eile a eascraíonn as comhlíonadh reachtaíocht nó rialacha an Aontais. Mar shampla, i staidéar ina ndearnadh anailísiú ar an ualach riaracháin a d'eascair as an gComhbheartas Talmhaíochta measadh go bhfuil an meánchostas a bhaineann le riarachán cabhrach san Aontas thart ar EUR 220 in aghaidh na feirme. D'fhéadfadh costas breise EUR 180 in aghaidh na bliana a bheith i gceist le haghaidh feirmeacha beaga agus meánmhéide dá leithéidí chun 'comhairle straitéiseach' éigeantach bhliantúil maidir le togra RUI a fháil, cé go bhféadfaí an costas sin a laghdú go mór trí chomhairle den sórt sin a sholáthar le modh grúpa nó le modh ar líne/ cianda. D'fhéadfadh na Ballstáit a chinneadh feirmeoirí a chúiteamh as na costais sin trí Phleananna Straitéiseacha an chomhbheartais talmhaíochta (CBT). Le fianaise ón measúnú tionchair agus ón staidéar seachtrach a thacaíonn leis tugtar le fios go bhféadfadh feirmeoirí costas na comhairle a fhaightear ó na coigiltis a ghintear trí úsáid laghdaithe lotnaidicídí a chúiteamh go páirteach nó go hiomlán. Níl sonraí beachta, comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais ag an gCoimisiún chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ualach riaracháin méadaithe mar sin ar iomaíochas agus ar bhrabúsacht feirmeacha beaga agus meánmhéide a chainníochtú. Maidir leis an téarmaíocht agus leis an iarraidh shonrach a áirítear sa Chinneadh ón gComhairle, níl aon sainmhíniú caighdeánach de chuid an Aontais ann ar cad is feirm bheag nó feirm mheánmhéide ann. Sa chomhthéacs sin, is gnách go n úsáideann oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat) paraiméadair le haghaidh méid fisiceach feirme, nó méid eacnamaíoch feirme, nó le haghaidh feirmeacha teaghlaigh/neamhtheaghlaigh a dheighilt[6]. Táthar ag súil go mbeidh difríocht shuntasach idir sainmhínithe na mBallstát éagsúil, go háirithe ós rud é go bhfuil difríochtaí suntasacha sa chineál feirmeoireachta a chleachtar (e.g. tithe gloine i gcomparáid le barra goirt). Tá go leor bealaí ann freisin ar ar féidir leis na comhreachtóirí aon chostais bhreise fhéideartha agus ualach riaracháin a laghdú agus a mhaolú, go háirithe le haghaidh feirmeacha beaga agus meánmhéide.

**6** https://ec.europa.eu/eurostat/statistics explained/index.php?title=Farms_and_farmland_in_the_European_Union_ _statistics#Farms_in_2020

Tá an iarraidh sa Chinneadh ón gComhairle ar infhaighteacht roghanna malartacha ar tháirgí cosanta plandaí a bhreithniú cumhdaithe i g**Caibidil 3 (roghanna malartacha ar lotnaidicídí ceimiceacha)**. Ba cheart a shonrú go bhfuil roinnt beart ar bun cheana féin chun an t eolas faoi prionsabail iomlánaíocha agus uirlisí ábhartha a mhéadú agus na prionsabail agus na huirlisí sin a scaipeadh, agus tá taighde agus nuálaíocht ag tacú go mór leo sin. Tá creat dlíthiúil bunaithe ag an gCoimisiún cheana féin maidir le formheas luathaithe lotnaidicídí ísealriosca agus bithrialaithe (mar shampla ceanglais sonraí maidir le miocrorgánaigh a fhormheas) agus tá bearta á ndéanamh aige chun é sin a leathnú le raon níos leithne cineálacha bithrialaithe. Mhol an Coimisiún freisin bealach ar a bhféadfadh na comhreachtóirí athruithe féideartha áirithe a mheas le linn na caibidlíochta lena bhféadfaí an margadh i lotnaidicídí ísealriosca agus bithrialaithe a éascú a thuilleadh. Leis an gcreat arna sholáthar ag an gCoimisiún, agus gníomhaíocht á déanamh ag an lucht tionscail agus ag údaráis na mBallstát lena leagtar síos na tosaíochtaí iomchuí agus lena soláthraítear na hacmhainní is gá, is cosúil go mbeidh uirlisí leordhóthanacha ar fáil laistigh de thráthchlár spriocanna laghdaithe lotnaidicídí RUI chun an laghdú is gá ar úsáid agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha a bhaint amach gan impleachtaí do ghlactha ar shlándáil bia ná ar inacmhainneacht bia a bheith ann.

I g**Caibidil 4 (limistéir íogaire)** sonraítear go leagtar amach i bpáipéar leathoifigiúil foilsithe ón gCoimisiún maidir le limistéir íogaire a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 15 Samhain 2022[7] roghanna éagsúla maidir le húsáid lotnaidicídí bithrialaithe agus lotnaidicídí ísealriosca i ngach limistéar íogair agus maidir le gach uile lotnaidicíd cé is moite de na lotnaidicídí níos guaisí sa talmhaíocht laistigh de limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de – lena n áirítear na lotnaidicídí uile atá údaraithe lena n úsáid i bhfeirmeoireacht orgánach. Is é an príomhchuspóir atá le srianta a mholadh maidir le húsáid lotnaidicídí i limistéir íogaire sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Déantar limistéir phoiblí agus uirbeacha a chosaint go príomha mar go mbaineann riosca níos airde le teagmháil leis an duine. Tugtar tús áite do limistéir atá faoi chosaint faoin reachtaíocht um chomhshaol ar chúiseanna a bhaineann le cosaint gnáthóg nó cosaint uisce mar gheall ar an tábhacht éiceolaíoch a bhaineann leo. Chun aistriú i dtreo bainistíocht saor ó lotnaidicíd, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathrú ar an aeistéitic amhairc, i limistéir uirbeacha go háirithe, agus ar an gcur chuige foriomlán i leith bainistíocht fiailí. Is féidir é sin a dhéanamh gan tionchar a imirt ar chostais airgeadais fhoriomlána ach le héifeachtaí dearfacha ar an gcomhshaol. Tá dúshláin ann (go háirithe i reiligí agus i bpáirceanna spóirt), ach tá go leor réitigh theicniúla ar fáil chun laghdú suntasach a dhéanamh ar úsáid agus riosca lotnaidicídí i limistéir den sórt sin gan aon tionchar diúltach eacnamaíoch a bheith ann. Maidir le limistéir thalmhaíochta, le caighdeán 8 maidir le Dea bhail Talmhaíochta agus Chomhshaoil cuirfear teorainn le húsáid lotnaidicídí i limistéir neamhtháirgiúla go neamhspleách ar RUI. D'fhéadfadh ceanglas breise gan ach lotnaidicídí ísealriosca nó rialú bitheolaíoch a úsáid i gcrios maolánach 3 mhéadar thart ar na limistéir neamhtháirgiúla sin cur le feidhm bhithéagsúlachta na limistéar agus na ngnéithe neamhtháirgiúla. Sa chleachtas, beidh an crios maolánach ag teastáil den chuid is mó d'fheirmeacha lena mbaineann níos mó ná 10 heicteár de thalamh arúil i gcás ina mbeidh an teorainn le húsáid lotnaidicídí mar gheall ar an gcrios maolánach níos lú i gcomparáid leis an méid foriomlán ná mar a bheadh sé d'fheirm níos lú.

[7] pesticides_sud_sur non paper_en.pdf (europa.eu)

Gan ach rialú bitheolaíoch agus lotnaidicídí ísealriosca a cheadú i limistéir uirbeacha atá cumhdaithe le sruthchúrsaí nó le gnéithe uisce, meastar go mbeidh tionchar diomaibhseach ag uisce áineasa/snámha agus ag limistéir atá ainmnithe le haghaidh cosaint speiceas uisceach atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de ar an talmhaíocht. I bhfianaise na tábhachta comhshaoil a bhaineann le huisce dromchla agus an ionchais dhiúltaigh mheántéarmaigh maidir le cáilíocht an uisce, is cosúil go mbeadh sé stuama srian den sórt sin a thabhairt isteach. Áirítear ar an bpáipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún maidir le limistéir íogaire roghanna éagsúla chun acmhainní uisce óil a chosaint. Chomh maith leis na haidhmeanna maidir le sláinte an duine agus dea stádas dobharlach a chosaint, tá costas eacnamaíoch ard i gceist freisin (atá le híoc ag an tomhaltóir) a eascraíonn as an ngá atá le huisce atá truaillithe le lotnaidicídí a chóireáil. Dá bhrí sin, tá cúiseanna láidre eacnamaíocha ann chun aghaidh a thabhairt ar éilliú ag an bhfoinse, i gcomhréir leis an bprionsabal um chosc ag an bhfoinse. Cuideoidh cuimsiú Natura 2000 agus limistéar atá faoi chosaint faoin reachtaíocht náisiúnta agus limistéir a thuairiscítear don fhardal limistéar faoi chosaint atá ainmnithe go náisiúnta (an Bunachar Sonraí Coiteann maidir le Limistéir Ainmnithe (CDDA)) le speicis neamhchoitianta agus speicis faoi bhagairt agus cineálacha neamhchoitianta gnáthóg nádúrtha agus leathnádúrtha a chosaint agus sláine, nascacht agus athléimneacht na n éiceachóras uile a chothabháil, a fheabhsú nó a athbhunú.

Maidir leis an iarraidh ón gComhairle maidir le cainníochtú de thionchair an tsriain atá beartaithe maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ar sheastáin foraoise agus ar bhithéagsúlacht atá spleách ar fhoraoisí a sholáthar, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil sonraí ar leibhéal an Aontais ag an gCoimisiún maidir le húsáid lotnaidicídí i seastáin foraoise, cé go léirítear le taighde gur annamh a úsáidtear lotnaidicídí i seastáin foraoise i gcomparáid lena n úsáid sa talmhaíocht. Toisc go bhfuil srianta lotnaidicídí i seastáin foraoise ina gcuid de shrianta níos leithne le húsáid lotnaidicídí i limistéir íogaire atá beartaithe, tá faisnéis soláthartha ag an gCoimisiún faoin ngné sin freisin.

A mhéid a bhaineann leis an riosca méadaithe a d'fhéadfadh a bheith ann go dtabharfaí isteach agus go leathfaí orgánaigh dhíobhálacha san Aontas, cuideoidh togra RUI le dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta agus le hinfhaighteacht roghanna malartacha ar lotnaidicídí ceimiceacha. Déantar foráil i dtogra RUI cheana féin maidir le heisceachtaí chun úsáid lotnaidicídí a cheadú chun orgánaigh dhíobhálacha a rialú i ndáil le srianta i limistéir íogaire chun an riosca sin a mhaolú. D'fhéadfaí plé a dhéanamh le linn na caibidlíochta maidir leis sin a leathnú a thuilleadh i gcúinsí áirithe agus tá roghanna féideartha leagtha amach sa pháipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún maidir le limistéir íogaire, agus tá roghanna féideartha breise ar fáil sa staidéar seo.